# Tuairisc Achomair ar Staidéar Píolótach ar an gCóras Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí

(2007)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

### Taighde arna dhéanamh ag:

Dr Aileen O'Gorman, Dr Martha Doyle agus an tUas. Declan Crean

### Aidhm:

Eilimintí de mhúnla le haghaidh Córais Mhonatóireachta ar Threochtaí Drugaí (CMTD) a chur i gcrích ar bhonn píolótach, lena bhféadfaí treochtaí a aithint, ar nós leathadh na hearóine isteach i limistéir nua, chomh maith le hinfhaighteacht drugaí nua, patrúin nua úsáide agus grúpaí nua d'úsáideoirí drugaí, mar fhreagairt ar iarratas ón Rialtas a leagadh amach sa Chlár don Rialtas 2002 agus sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008 maidir le treochtaí nua ó thaobh drugaí a aithint.

### Modh:

Forbraíodh múnla píolótach bunaithe ar athbhreithniú ar an litríocht agus ar thaithí ó thionscadal píolótach a bhí cosúil leis faoin *EMCDDA* (Gníomhaireacht Drugaí an AE). Bhí an bhéim ar a bheith ag teacht suas le treochtaí nua ó thaobh drugaí go luath ina saolré trí líonra monatóirí ar threochtaí a bhunú lena gcuimseofaí oibrithe túslíne ó raon disciplíní agus timpeallachtaí, chomh maith le córas monatóireachta ar na meáin chumarsáide lenar rianaíodh urghabhálacha drugaí, cásanna cúirte a bhain le drugaí agus saincheisteanna áitiúla ó thaobh drugaí ar bhonn náisiúnta, agus trí shraith ghrúpaí fócais le fadhbúsáideoirí drugaí agus úsáideoirí drugaí nárbh fhadhbúsáideoirí iad chun a ndearcadh ar threochtaí a mheasúnú.

### Príomhthorthaí:

Ar an iomlán, léiríodh roinnt torthaí a bhí an-spéisiúil de bharr an CMTD nárbh eol iad ar bhealaí eile murach an córas a bheith ann, ar nós:

- Thuairiscigh limistéir uile na dTascfhórsaí Réigiúnacha ar Dhrugaí (TFRDaí) go raibh daoine ag instealladh hearóine isteach ina bhféitheacha
- Thuairiscigh 4 limistéar TFRD go raibh daoine ag instealladh cóicín isteach ina bhféitheacha ( Deisceart, Limistéar an Chósta Thoir, Limistéar an Tuaiscirt agus Limistéar an Iardheiscirt)
- Thuairiscigh 4 limistéar TFRD go raibh daoine ag instealladh cnagchóicín isteach ina bhféitheacha ( Oirdheisceart, Limistéar an Chósta Thoir, Limistéar an Tuaiscirt agus Limistéar an Iardheiscirt)
- Thuairiscigh 5 limistéar TFRD go raibh daoine ag instealladh stéaróideach isteach ina bhféitheacha (Limistéar an Chósta Thoir, Limistéar an Tuaiscirt agus Limistéar an Iardheiscirt, Oirdheisceart agus Oirthuaisceart)
- Thuairiscigh 3 limistéar TFRD go raibh daoine ag instealladh amfataimíní isteach ina bhféitheacha (Oirdheisceart, Limistéar an Tuaiscirt agus Limistéar an Iardheiscirt)
- Tuairiscíodh go bhfuil ardú ag teacht ar líon na ndaoine a bhíonn ag baint mí-úsáide as drugaí a fhaightear ar oideas ar nós támhachán, suaimhneasán agus frith-dhúlagrán agus go bhfuil mí-úsáid drugaí ar nós Ritalin® ag teacht chun cinn an athuair
- Soláthraíodh faisnéis nua ar ródháileoga neamh-mharfacha nach mbeadh ar fáil ar bhealaí eile
- Tuairiscíodh go raibh laghdú tagtha ar an tóir ar an eacstais
- Tuairiscí go bhfuil ardú ag teacht ar a mhinice is a bhaintear mí-úsáid as drugaí a fhaightear thar an gcuntar ar nós táirgí arb é an cóidín is bun leo agus cógais chasachta
- Tuairiscí go bhfuil ardú ag teacht ar a mhinice is a bhaintear mí-úsáid as stéaróidigh anabalacha, rud ar féidir leis cur isteach go mór ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach na ndaoine a úsáideann iad
- Tuairiscí go bhfuil an ragús óil agus tógáil drugaí ag an am céanna ag teacht chun a bheith ina ghnás sóisialta níos coitianta i gcomhair níos mó agus níos mó daoine óga
- Léiríonn monatóireacht ar na meáin chumarsáide agus tuairiscí sna meáin go bhfeidhmíonn margaí drugaí ar leibhéil dhifriúla i limistéir dhifriúla in Éirinn agus le haghaidh drugaí difriúla agus go mbíonn an-éagsúlacht ar fad i gceist trasna na tíre sna freagairtí ó thaobh an cheartais choiriúil maidir le daoine a ghabháil agus pianbhreitheanna a ghearradh orthu
- Sholáthair comhordaitheoirí TFRD deimhniú ar an anailís ar fhaisnéis a soláthraíodh agus fuarthas gurbh iontach an tairbhe dóibh é. Dheimhnigh comhordaitheoirí na dTascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí na sonraí ach ní raibh an fhaisnéis chomh tairbheach céanna dóibh féin.

**Léiríodh le píolótú an mhúnla gur féidir treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint go luath, gur féidir patrúin iompair agus ó thaobh infhaighteachta drugaí a fheiceáil agus gur féidir eolas reatha áitúil a fháil.**

### Moltaí an CCND don Rialtas:

1. Comhlíonann an CMTD na ceanglais faoin gClár don Rialtas a leagadh amach thuas
2. Tá luach córais den sórt sin soiléir: táirgfear faisnéis faoi dhó sa bhliain leis ar threochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ó thaobh na hearóine agus drugaí eile. Faoi láthair, taispeánann bailiúchán na sonraí ar dhrugaí treochtaí atá bunaithe ar shonraí atá ann le trí agus ceithre bliana de réir táscairí a úsáidtear le cúrsaí a thuairisciú ar bhonn náisiúnta
3. Léiríodh leis an gCMTD go bhfuil daoine ag instealladh hearóine i ngach limistéar TFRD in Éirinn, faisnéis nach raibh ar fáil tráth Thuairisc an CCND maidir le Díobháil a Laghdú, rud a bhailíochtaíonn iarratas an CCND anois go mbeadh seirbhísí le díobháil a laghdú ar fáil ar fud limistéir uile na mbord sláinte
4. Atreisítear leis an gCMTD na buairimh faoi úsáid an chóicín a chuir an CCND chun suntais roimhe seo in 2003
5. Lena chois sin, cuireann Plean Gníomhaíochta an AE ballstáit faoi ghealltanas le Treoirlínte a fhorbairt le haghaidh CMTD faoi 2007.

CCND, 3ú hUrlár, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 667 0760. Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie